# LÁMHLEABHAR NA MÚINTEOIRÍ
## AMLÍNE AE

### I. Réamhrá – AMLÍNE AE

Tugann an modúl seo daltaí ar thuras chun fáil amach faoi bhuaicphointí agus íosphointí Lánpháirtiú na hEorpa. Taispeánann físeán gairid a mhaireann sé nóiméad na garspriocanna is suntasaí de Lánpháirtiú na hEorpa ó Chomhdháil na hEorpa go dtí an lá atá inniu ann. Críochnaíonn an modúl le quiz. Chun foghlaim faoin gcaoi le tosú ar an ardán foghlama, féach 'Lámhleabhar na Múinteoirí: Tosú Amach' ag tús an mhodúil.

### II. Cuspóirí an Mhodúil seo

Nuair a chríochnaíonn daltaí an modúl seo, ba chóir dóibh a bheith in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An bhrí a bhaineann le Lá na hEorpa a mhíniú
- Garspriocanna suntasacha de Lánpháirtiú na hEorpa a mheabhrú
- Ábharthacht Lánpháirtiú na hEorpa a nascadh leis an saol mar atá inniu
- Ról an chomhréitigh i Lánpháirtiú na hEorpa a thuiscint
- Míniú a thabhairt gurb iad daoine a stiúrann forbairt an Aontais Eorpaigh
- Cur síos a dhéanamh ar ról cheannairí, shiombailí agus luachanna an Aontais

### III. Struchtúr & Fad an Mhodúil

Tá an modúl seo deartha chun freastal ar riachtanais éagsúla. Is féidir leat é a úsáid mar phointe iontrála ar ábhar Lánpháirtiú na hEorpa, ar ócáid Lá na hEorpa (9 Bealtaine), mar réamhrá ar 'Ceannródaithe an Aontais: Buail le Bunaitheoirí an Aontais', nó chun teangacha a theagasc. Is féidir leat d'ábhair teagaisc féin a chur leis, ag brath ar leibhéal na mionsonraí is mian leat a chlúdach. De rogha air sin, is féidir leat an modúl seo a thabhairt mar obair bhaile nó é a úsáid chun ullmhú le haghaidh cuairt ar Áras Stair na hEorpa nó chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

**Fad:** Tá an físeán 6 nóiméad ar fhad. Tá 10 gceist sa quiz. Molaimid thart ar 15 nóiméad ar a laghad, an próiseas logála isteach san áireamh, a leithdháileadh don chonair foghlama a mholtar thíos. Bunaithe ar aiseolas ó mhúinteoirí a rinne an modúl a thástáil ina seomraí ranga, d'fhéadfadh an forléargas seo a bheith ina chuidiú duit:

| An t-am a caitheadh | % de na múinteoirí | Eolas breise: |
|---|---|---|
| 15–20 nóiméad | 24% | Críochnú tapa gan plé domhain. |
| 20–30 nóiméad | 21% | Críochnú bunúsach, uaireanta le mínithe gairide. |
| 30–45 nóiméad | 24% | Gnáthraon le plé measartha |
| 45–60 nóiméad | 14% | Críochnú le plé domhain |

### IV. An Chonair Foghlama a Mholtar, Céim ar Chéim

Is féidir le daltaí an chonair foghlama seo a leanúint ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga. Chomh maith le céimeanna 1 agus 2, molaimid duit machnamh a dhéanamh ar chéim 3 lenár moladh maidir le hobair leantach.

1. **Féach ar an bhfíseán [6 nóiméad]:**
   Clúdaíonn an físeán garspriocanna áirithe de lánpháirtiú na hEorpa, agus na héachtaí agus na teipeanna a bhaineann leis. Cuimsíonn sé iarmhairt an Dara Cogadh Domhanda, Comhdháil na hEorpa, an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, an Comhphobal Cosanta Eorpach, an Cogadh Fuar, na chéad toghcháin dhíreacha Eorpacha, titim an Chuirtín Iarainn, na conarthaí is déanaí de chuid an Aontais, Próiseas Méadaithe an Aontais, Brexit agus brí Lá na hEorpa. Is féidir leat sos a ghlacadh ag am ar bith chun luas an fhíseáin a shocrú de réir do riachtanas teagaisc.

2. **Bain triail as an quiz [4 nóiméad]**
   Tá 10 gceist aonair sa quiz. Tá an t-eolas go léir atá ag teastáil chun na ceisteanna a fhreagairt san fhíseán. Tar éis gach ceist a fhreagairt, beidh na daltaí in ann an freagra agus míniú gairid a fheiceáil. I gcás gach freagra chirt, faigheann na daltaí pointe amháin. Ní fhaightear pointe ar bith le haghaidh freagraí míchearta. Chun an quiz a chríochnú, ní mór do na daltaí na ceisteanna go léir a fhreagairt. Is féidir leo ceisteanna a fhágáil gan freagra ar dtús ach ní mór dóibh iad a fhreagairt níos déanaí chun an quiz a chríochnú. Nuair a bheidh sé críochnaithe acu, is féidir leat smaoineamh ar mheasúnú a dhéanamh ar scór do dhaltaí chun buaiteoir a chinneadh. Is féidir le daltaí an quiz a dhéanamh arís.

3. **Moladh le haghaidh obair leantach: foghlaim faoi na daoine atá taobh thiar de Lánpháirtiú na hEorpa**
   Luaitear Robert Schuman agus Simone Veil san fhíseán ach níl iontu ach beirt cheannródaithe i Lánpháirtiú na hEorpa. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na daoine atá taobh thiar de stair an Aontais, molaimid machnamh a dhéanamh ar an modúl: 'Ceannródaithe an Aontais: Bunaitheoirí an Aontais' (fad: 1.5 go 2 cheacht).

## V. Tuilleadh Nasc agus Ábhar*

**Stair Lánpháirtiú na hEorpa**

- Stair ghearr ar an Aontas Eorpach
- AMLÍNE AE – An tAontas Eorpach le himeacht na mblianta
- Closleabhar faoi cheannródaithe an Aontais
- Bailiúchán d'ábhair foghlama an Aontais faoi stair an Aontais

**Áras Stair na hEorpa & Parlaimint na hEorpa**

- Suíomh Greasáin Áras Stair na hEorpa
- Euroscola**:** Bí i d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ar feadh lae! Tugann clár Euroscola in Strasbourg daltaí le chéile ó gach cearn den Eoraip chun taithí phraiticiúil a fháil ar an daonlathas parlaiminteach Eorpach.
- Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa (Ábhair foghlama & an Comhphobal Eorpach)
- An Parlamentarium sa Bhruiséil
- An Parlamentarium in Strasbourg
- Tabhair cuairt ar Sheomra Tionóil Pharlaimint na hEorpa: An Bhruiséil & Strasbourg
- Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa i mBaile Átha & i Londain
- Chun teagmháil a dhéanamh le daoine atá ar aon intinn leat agus páirt a ghlacadh sa daonlathas Eorpach https://together.europarl.europa.eu/ga/

***** Tá na hábhair uile ar fáil i 24 theanga oifigiúla an Aontais, mura léirítear a mhalairt.

I gcás aon cheist maidir le hábhar nó modheolaíocht an Bhosca Uirlisí Digiteacha,seol ríomhphost chugainn le do thoil: historia-learning@europarl.europa.eu.